II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/648 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Feabhra 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le méid na tacaíochta an Aontais do chineálacha idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe sa bhliain airgeadais 2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá ar na Ballstáit méid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir i leith bliain féilire ar leith, de bhun Chaibidil 1 de Theideal III den Rialachán sin, a laghdú faoi 5 % ar a laghad i gcás an chuid den tsuim atá os cionn EUR 150 000. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, táthar le toradh measta an laghdaithe sin a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise do bhearta faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

(2) I gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 11(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 maidir lena gcinneadh faoin laghdú ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha agus leis an toradh measta ar an laghdú i leith na bliana féilire 2022. Leis na fógraí a thug an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Fhionlainn luadh toradh measta ar an laghdú is mó ná nialas.

(3) I gcomhréir leis an seachtú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia agus an Ísiltír fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 faoina gcinneadh céatadán áirithe dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil le haghaidh íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2022 a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise faoi CETFT sa bhliain féilire 2023.

(4) I gcomhréir leis an seachtú fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug an Chróit, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Pholainn agus an Phortaingéil fógra don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2021 faoina gcinneadh méid áirithe den tacaíocht atá le maoiniú faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2023 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2022.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 637/2008 agus (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

(5) Ar bhonn na bhfógraí sin, leasaíodh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann leis na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha i gcás Ballstáit áirithe i leith na bliana féilire 2022 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/42 ([3]) ón gCoimisiún.

(6) Leagtar amach an miondealú bliantúil in aghaidh an Bhallstáit ar ranníocaíocht CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT agus iomlán na ranníocaíochta sin le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú dá réir.

(8) Ós rud é go ndéanann na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 i leith na bliana 2023, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/42 an 8 Samhain 2021 ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha i gcás Ballstáit áirithe i leith na bliana féilire 2022 (IO L 9, 14.1.2022, lch. 3).

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN XI

Miondealú ar thacaíocht ón aontas do chineálacha idirghabhála d'fhorbairt tuaithe (2023 go 2027)) dá dtagraítear in Airteagal 89(3)

(praghsanna reatha in EUR)

Ballstát	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán 2023-2027
An Bheilg	105 730 894	82 800 894	82 800 894	82 800 894	82 800 894	436 934 470
An Bhulgáir	282 979 644	282 162 644	282 162 644	282 162 644	282 162 644	1 411 630 220
An tSeicia	267 027 708	259 187 708	259 187 708	259 187 708	259 187 708	1 303 778 540
An Danmhairg	155 982 060	75 934 060	75 934 060	75 934 060	75 934 060	459 718 300
An Ghearmáin	1 485 615 738	1 092 359 738	1 092 359 738	1 092 359 738	1 092 359 738	5 855 054 690
An Eastóin	88 031 648	88 016 648	88 016 648	88 016 648	88 016 648	440 098 240
Éire	311 641 628	311 640 628	311 640 628	311 640 628	311 640 628	1 558 204 140
An Ghréig	651 491 600	556 953 600	556 953 600	556 953 600	556 953 600	2 879 306 000
An Spáinn	1 081 552 825	1 080 382 825	1 080 382 825	1 080 382 825	1 080 382 825	5 403 084 125
An Fhrainc	2 007 185 070	1 459 440 070	1 459 440 070	1 459 440 070	1 459 440 070	7 844 945 350
An Chróit	268 849 401	297 307 401	297 307 401	297 307 401	297 307 401	1 458 079 005
An Iodáil	1 355 321 375	1 349 921 375	1 349 921 375	1 349 921 375	1 349 921 375	6 755 006 875
An Chipir	23 770 514	23 770 514	23 770 514	23 770 514	23 770 514	118 852 570
An Laitvia	142 745 173	117 495 173	117 495 173	117 495 173	117 495 173	612 725 865
An Liotuáin	195 495 162	195 495 162	195 495 162	195 495 162	195 495 162	977 475 810
Lucsamburg	11 626 644	12 310 644	12 310 644	12 310 644	12 310 644	60 869 220
An Ungáir	384 539 149	416 869 149	416 869 149	416 869 149	416 869 149	2 052 015 745
Málta	19 334 497	19 984 497	19 984 497	19 984 497	19 984 497	99 272 485
An Ísiltír	180 985 369	73 268 369	73 268 369	73 268 369	73 268 369	474 058 845
An Ostair	520 024 752	520 024 752	520 024 752	520 024 752	520 024 752	2 600 123 760
An Pholainn	1 004 581 539	1 320 001 539	1 320 001 539	1 320 001 539	1 320 001 539	6 284 587 695
An Phortaingéil	455 630 620	540 550 620	540 550 620	540 550 620	540 550 620	2 617 833 100

(praghsanna reatha in EUR)

Ballstát	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán 2023-2027
An Rómáin	967 049 892	967 049 892	967 049 892	967 049 892	967 049 892	4 835 249 460
An tSlóivéin	110 170 192	110 170 192	110 170 192	110 170 192	110 170 192	550 850 960
An tSlóvaic	260 599 909	259 077 909	259 077 909	259 077 909	259 077 909	1 296 911 545
An Fhionlainn	354 551 956	354 549 956	354 549 956	354 549 956	354 549 956	1 772 751 780
An tSualainn	211 889 741	211 889 741	211 889 741	211 889 741	211 889 741	1 059 448 705
Iomlán AE-27	12 904 404 700	12 078 615 700	12 078 615 700	12 078 615 700	12 078 615 700	61 218 867 500
Cúnamh teicniúil (0,25 %)	30 272 220	30 272 220	30 272 220	30 272 220	30 272 220	151 361 100
Iomlán	12 934 676 920	12 108 887 920	12 108 887 920	12 108 887 920	12 108 887 920	61370228600”